



Scoilbhliain 2018 – 2019
Nuachtlitir 1

*Báinígí suilt as
ár nuacht a léamh!*

D'fhilleamar tar éis laethanta saoire an tsamhraidh chuig múmhaisiú álainn ar na ballaí ar chúl na scoile. Comhlacht *allout.ie* a rinne an ealaín seo bunaithe ar smaointí a tháinig ó gach uile rang sa scoil. Míle buíochas le **Comhairle na dTuismitheoirí** as a gcuid urraíochta leis an tionscadal seo. Táimid cinnte go gcuireann sé fáilte bhreá roimh gach duine ag teacht isteach ar scoil ar maidin!



ROIMHE



INA DHIAIDH





**Naíonáin Shóisearacha 2018 le Múinteoir Sarah agus Múinteoir Bronagh.
Nach iad atá go hálainn ar fad!
Go mbeidh siad i gcónaí sona sásta ar scoil.**



Aifreann Scoile

Cheiliúramar Aifreann ag tús na scoilbhliana nua. Guíomar ar son pobal na scoile uile go háirithe páistí a d'fhág rang 6 an bhliain seo chaite, páistí nua sna Naíonáin Shóisearacha agus ár múinteoirí nua. Bhí paidreacha speisialta againn don Easpag Fiachra a d'imigh ar shlí na fírinne i rith an tsamhraidh. Ba chara lách dúinn. Bhí sé i gcónaí fial lena chuid ama. Bhí grá speisialta aige don Ghaeilge agus tá

an t-ádh linn anseo i Scoil an Duinnínigh gur cheiliúir sé Sacraimint an Chóineartaithe linn thar na blianta. Ar dheis Dé go raibh a anam croíúil.






Don Chorp Agus Anam

Rang 6 ag baint as an-sult as an gcleachtadh Yoga gach seachtain!



MARGADH LEABHAR 2018

Múrmhaisiú nua ar an mballa taobh amuigh den leabharlann leis na leabhair, na scannáin, na carachtair agus roinnt fráisí macnaimh a roghnaigh na páistí!



D'éirigh go hiontach leis an Margadh Leabhar arís i mbliana. Buíochas le Máire Uí Shíoráin a d'eagraigh chomh maith le gach duine eile a bhí ann thar an tseachtain ag cabhrú. Bhí sé go hálainn iar-phríomhoide Bríd a fheiceáil ar ais arís ag cabhrú linn freisin.







Ghlac na cailíní páirt i gComórtas Cumann na mBunscol arís i mbliana. D'imríodar 3 cluiche i gcoinne Baile Ról, Baile Gháire agus Scoil Nh Bríd ach faraor níor éirigh leo an cluiche ceannais a bhaint amach. Bhaineadar an-taitneamh as an traenáil i rith am lóin le Múinteoirí Brídín & Martina agus tá siad ag súil go mór le sraith chomórtas Fhine Gall i ndiaidh na Nollag.



Lá Geansaí Peile, 14 Meán Fómhair 2018

Comórtas Buaite ag Foireann Shóisear (Buachaillí) na Scoile!! Éacht déanta ag Ógánaigh an Duinnínigh!!!

le Múinteoir Ciarán Ó Fainnín

A Chairde Gaeil, tá deá-scéal againn daoibh agus baineann sé le Foireann Shóisear na Scoile. Tá éacht déanta ag an bhfoireann óg seo agus, creid nó na creid, tá cúig cluiche as a chéile buaite acu! Mar gheall ar seo tá an comórtas ina rabhamar, *Go Game* Oir-Thuaisceart na Cathrach buaite againn! Maith sibh a bhuachaillí!

Bhíomar ag taisteal gach dara seachtain, bhíomar ag imirt ar bharr Bhinn Éadair, agus i nGleann na hAbhann. Bhíomar i Mullach Íde agus níos faide ó bhaile! Chun na fírinne a rá d'éirigh tharr barr leis an bhfoireann ar fad agus gach uile seachtain d'éirigh le buachaillí nua taithí a fháil ar chluichí peile, agus dár ndóigh, geansaithe nua na scoile a chaitheamh chomh maith.

Tá moladh ar leith tuillte ag buachaillí ó Rang a 4, a tháinig amach don chéad uair i mbliana, ach freisin ag na buachaillí níos sine a chabhraigh go mór leis an mbainisteoir Máirtín, agus na roghnóirí Ciarán agus Ciarán!

Is cinnte go mbeidh lá mór sa halla nuair a thagann na boinn don Chomórtas *Go Games* seo go dtí an scoil. Tá feabhas mór tar éis teacht ar ár n-imreoirí óga le dhá mhí anuas, tá an-chuid traenála déanta againn, amuigh sa pháirc ag am lón. Is ábhar dóchais don scoil na taispéantaisí peile a bhí ag an bhfoireann shóisear i mbliana, agus ardódh sé do chroí buachaillí na scoile a fheiscint ag imirt peile agus Gaeilge bhreá le cloisint uathu ar fad!

Ba mhaith leis an bhfoireann bainistíochta buíochas a ghabháil chomh maith leis na tuismitheoirí ar fad a bhíonn lán sásta i gcónaí na páistí a thabhairt go dtí na cluichí. Murach sibh ní bheadh deis ag ár bpáistí dul amach ag imirt.

Agus cé go bhfuil an comórtas seo buaite againn, chríochnaíomar ar bharr na sraithe, ní hé sin deireadh an scéil! Beidh sos beag againn anois ach tar éis na Nollag beidh comórtais eile againn sa pheil agus san iomáint. Scoil An Duinnínigh Abú !



**An traenálaí Panner ó
chumann Naomh
Shailbheastair le páistí Rang 1.**

**Bíonn sé linn gach Céadaoin go
dtí am lóin mór!**

**Muid an-bhuíoch as a chuid
oibre leis an páistí óga!**



Margadh Cístí Rang 6

27/10/2018

Bailíodh €2,247.75

**MÍLE BUÍOCHAS AS
BHUR GCUID
TACAÍOCHTA**





Rang 4 le Múinteoir Aoife & Múinteoir Ciarán ag obair le chéile ar chlár OWLS.

Buíochas le hAndrew Fleming aka 'MOUSE', EAO agus bunaitheoir OWLS as an gcúrsa a stiúradh linn.

OWLS:
Outdoor, Wildlife,
Learning and Survival



ÁR SCÉAL

Ghlac na páistí a bhí i Rang 4 an bhliain seo chaite páirt i sraith nua ealaíne agus scéalaíochta do Cúla4 faoi stiúr Fíabín.



Bhí an chéad chlár le feiceáil ar Cúla4 Dé Luain 29/10 ag 9:15r.n. Craolfar an clár gach Luan, Céadaoin agus Aoine & is féidir é a fháil ar an seinnteoir am ar bith, áit ar bith. Beidh '**An Zú**' le páistí Scoil an Duinnínigh le feiceáil ar an **16 Samhain** agus 'Molly agus a chairde' sa bhliain úr.



I ngach clár, glacann na páistí ionspioráid ó na scéalta ar leith, agus bíonn an-spraoi acu ag cruthú ealaíne bunaithe ar na gnéithe éagsúla a bhaineann leo.

#ÚsáidimMata

Mar ealaí sonraí bainim úsáid as mata chun pléanál ce mhéad scoil, ospidéal agus seirbhís a bhfuil gá leo san am ar rath romhainn.

Mar ghraipéir bainim úsáid as mata chun meidiana táirg a úsáid ar mo chustaiméir a oibriú amach.

Mar mhicreoscóp bainim úsáid as mata chun feadmhocht agus rátaí innéil a thuiscint.

Mar cheif gnóthach bainim úsáid as mata chun a ríomh cá mhéid de gach comhábhar atá uain agus cén cóimleas a úsáid do mo chuid oideir.

Mar innealtóir bainim úsáid as mata chun a chiontú go míneadh ghluaiseán gan tionscnamh ián sábháilte. A bhfuil do mhata is féidir le gnuasair gan tionscnamh íonacht glan a bhac, a míneadh a dhéanamh agus páircail.

Mar dhochtóir bainim úsáid as mata chun dáileoga coireilacha leighis a thagair do mo chuid eithir a oibriú amach.

Mar threabhaí pearsanta bainim úsáid as mata chun cabair le dailine a goid spridcanna feidhmeacha a bhaint amach.

Mar dhearthóir gairne bainim úsáid as mata chun cruthanna agus toirí mo chuid páirtín a oibriú amach.

Mar phláinéir bainim úsáid as mata chun meidiana pódas agus feistí a chaithfidh mé a úsáid a oibriú amach.

www.mathsweek.ie

Rang 5 ag freastal ar cheardlann Mhata 'Murderous Maths' ar an 17 Deireadh Fómhair 2018.

Bhí go leor imeachtaí mata ar siúl sna ranganna freisin mar chuid den tseachtain.

Seachtain Mhata 2018

cláraigh do scoil, aimsigh gníomhaíochtaí agus imeachtaí www.mathsweek.ie

13 -21 Deireadh Fómhair

5 mhoncaí bheaga ag léim ar an Leaba

Seachtain Mhata 2018 13-21 Deireadh Fómhair

www.mathsweek.ie


#ÚsáidimMata





SPRAOI NA SAMHNA
25 Deireadh Fómhair 2018





Gradaim an Phríomhoide

Oíche Shamhna 2018

Comhghairdeas!



Gradam Gaisce an Phríomhoide

le haghaidh

LABHAIRT NA GAEILGE

Gradam Speisialta an Phríomhoide

le haghaidh

DEA-IOMPAR AR SCOIL



Moladh an Phríomhoide

le haghaidh

SÁR-OBAIR SA RANG